# Mo leaba féin dhamh, a Dhonnchaidh

[Ní Úrdail, Meidhbhín, ‘Two poems attributed to Muireadhach Albanach Ó Dálaigh’, *Ériu* 53 (2003), 19-52: 26-31]

1 Mo leaba féin dhamh, a Dhonnchaidh,
dlighim cádhas ód chúl tais;
ní léige soir sinn a hÉirinn
re linn an ghloin chéibhfhinn chais.

2 Do fhágbhas gat earla lúbach
leaba chuanna cuaille Mhaoil;
do fríoth soin ’na bhladhuibh beaga
gad mhalaidh ghloin sheada shaoir.

3 Milleadh do leabtha a fhlaith Chaisil,
cumaoin damh da ndeachtha ar cuairt;
olc do haingheadh lat mo leaba
a shlat bhairgheal sheada shuairc.

4 Slat san tslait, cuaille san chuaille,
cuingim ort a abhra mhall;
fear dá sgrios is fear dá bhfighe
ar shlios gheal do thighe tall.

5 Suairc h’athair, a earla dhualach,
Domhnall Ó Briain bas mar aol;
suairc do bhainleath, a bharr chleachtach,
an Laighneach mhall shearcach shaor.

6 Dealbh h’athar ort is do mháthar,
mala dhubh is dath dod bhróig;
folt ’na dhruimnibh is ’na dhualuibh
ort a Mhuimhnigh dhualaigh óig.

7 A Mhuimhnigh laighnigh Í Lorcáin,
a fhlaith Caisil as claon fuilt,
a fhir an chúil druimnigh drongaigh,
a shúil shuirghe longa Luirc.

8 Diomdhach Muircheartach mac Domhnaill,
díom an tan-sa tarla a mhóid;
measa liom fa dheich a Dhonnchadh,
bheith dom chionn don onchoin óig.

9 Do dhealbhas laoidh mhilis mholta
do Mhuircheartach, maith an ní;
dar leam, a ghille chaoimh chonchair,
do rinne laoidh Dhonnchaidh dhí.

10 Ní heol damh duine do mholadh
acht mac Órlaidhe an fhuilt chlaoin,
ní heol damh rann acht rann Dhonnchaidh,
a bharr cham mar chorrthair chaoimh.

11 Cuilt ar chuilt do shíoda fhairsing
ar shlios bhruidhne fad bharr thais;
cearcuill do chlúimh dhruimnigh dhrongaigh
fa shúil suirghigh nglonnaigh nglais.

12 Ingne corcra ar chliathaibh tiompán,
trillse buidhe ós bhleidhibh óir;
coin ar bháiniallaibh ad bhruidhnibh
a Gháileangaigh Mhuimhnigh mhóir.

13 Gléastar díbh bhur ndeimhse geala,
gléastar eich go ndathta díbh,
gléastar stéad go héasga agaibh,
gléastar téad a maidín mhín.

14 Léigthear aguibh eich re laoidhibh
léigthear coin a ccomhdháil broc;
seinntear crotha áille a hiathaibh
sgotha sáimhe air chliathaibh crot.

15 Líonaidh cnoc do chonuibh luatha
líonaidh magh do mhacuibh sdéd;
líonaidh Gailiangaigh a nglaca
do bhainfhianna dathta déd.

16 Geabha Luimneach do leith Ghaoidheal,
Geabha Áine, a chruth mar chrú,
Teamhair Mhidhe ad ghaisde géabha,
Laisgfe a ttighe, béara bú.